

Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí Sonraíocht Curaclam Gluais de théarmaí gnó

Is minic a chuireann an téarmaíocht a bhaineann le cúrsaí gnó mearbhall ar dhaoine, toisc go bhféadfadh cúpla sainmhíniú nó léirmhíniú a bheith ag aon fhocal amháin. Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht do staidéar gnó na sraithe sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhíniú na téarmaí agus a n úsáidtear iad a thuiscint.

Acmhainní eacnamaíocha

Na tosca a úsáidtear chun earraí a tháirgeadh nó chun seirbhísí a sholáthar. Is iad seo na hionchuir a úsáidtear chun rudaí a chruthú nó chun cabhrú le seirbhísí a chur ar fáil lena n áirítear acmhainní daonna agus acmhainní neamhdhaonna, amhail talamh, earraí caipitil, acmhainní airgeadais, agus teicneolaíocht.

Cuideachta

Gnólacht nó fiontar tráchtála.

Domhandú

Próiseas comhtháthaithe idirnáisiúnta a eascraíonn as léargais dhomhanda, táirgí, seirbhísí, smaointe, agus gnéithe eile cultúir a chómhálartú.

Eagraíocht

Grúpa eagraithe daoine a bhfuil sainchuspóir acu, ar nós cuideachta nó roinn rialtais. D'fhéadfadh gur eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis í, agus cuimsítear léi rud ó chuideachta bheag atá á reáchtáil ag an úinéir ar nós bialann teaghlaigh, go cuideachta ilnáisiúnta.

Fiontraíocht

Gníomhú ar dheiseanna agus ar smaointe agus iad a athrú ina rudaí luachmhara le haghaidh daoine eile. D'fhéadfadh go mbeadh an rud a chruthaítear luachmhar ó thaobh an airgid, an chultúir nó an tsaoil shóisialta de.

Forbairt inbhuanaithe

Forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an ama i láthair gan cur isteach ar chumas na nglún amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin. Is próiseas leanúnach teoraithe é ina mbíonn athrú eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, athrú a bhfuil sé mar aidhm aige folláine agus leas saoránach a chur chun cinn san am i láthair agus sa todhchaí.

Geilleagar

Córas institiúidí agus eagraíochtaí a bhíonn ag plé le táirgeadh agus le dáileadh earraí agus seirbhísí.

Gnó

Aon ghníomhaíocht tráchtála, tionsclaíochta nó ghairmiúil a dhéanann duine aonair nó grúpa.

Inbhuanaitheacht

Próiseas ina ndéantar na córais shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil a bhíonn ag síor idirghníomhú a chothromú ar mhaithe le daoine aonair anois agus san am atá le teacht. Tá trí cholún lárnacha inbhuanaitheachta ann: an ghné shóisialta, an ghné chomhshaoil agus an ghné gheilleagrach (daoine, an domhan, agus brabús).

Teicneolaíocht dhigiteach

Sraith d'uirlisí agus d'acmhainní teicneolaíochta a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh, agus chun faisnéis a chruthú, a scaipeadh, a stóráil agus a bhainistiú, mar shampla, fóin phóca, aipeanna, táibléid agus ríomhairí.

Timpeallacht ghnó

Na tosca uile, idir inmheánach agus sheachtrach, a imríonn tionchar ar fheidhmiú gnó. Cuimsíonn sí, mar shampla, tomhaltóirí, soláthróirí, comhlachtaí iomaíochta, fiontraithe, feabhsuithe ar chúrsaí teicneolaíochta, dlíthe, gníomhaíochtaí rialtais, agus treochtaí margaidh, sóisialta agus eacnamaíochta.

Tionscnaíocht

Cumas duine, ag gníomhú dó ina aonar nó le daoine eile, chun smaointe a ghiniúint agus a thógáil go cruthaitheach, chun deiseanna nuálaíochta a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhartha praiticiúla agus spriocdhírithé.